



2026/1756

21.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1756 ÓN gCOIMISIÚN
an 20 Iúil 2026

maidir le L-vailín arna tháirgeadh ó *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366, i bhfoirm táirge coipthe dhíghníomhaithe, a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le L-vailín arna tháirgeadh ó *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366, i bhfoirm táirge coipthe dhíghníomhaithe, a údarú. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú L-vailín arna tháirgeadh ó *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366, i bhfoirm táirge coipthe dhíghníomhaithe, mar bhreiseán beathaithe haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas ina n-iarrtar an breiseán a aicmiú sa chatagóir breiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus san fheidhmghrúpa 'aimíonaigéid, a salainn agus analóga'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Samhain 2025 ⁽²⁾ go bhfuil L-vailín arna tháirgeadh trí úsáid a bhaint as *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366 sábháilte do na speicis ainmhithe uile, agus aistí bia á bhforlónadh le méideanna iomchuí de i gcomhréir lena riachtanais chothaitheacha. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil úsáid L-vailín arna tháirgeadh trí úsáid a bhaint as *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366 i gcothú ainmhithe sábháilte do na tomhaltóirí agus don chomhshaol. Thairis sin, tháinig sé ar an gconclúid nár cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn é an breiseán ach gur cheart a mheas gur iógróir craicinn agus riospráide é. Ní fhéadfadh sé aon chonclúid a dhéanamh maidir le hacmhainneacht an bhreiseáin a bheith ina ghreannaitheoir súl. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur foinse éifeachtúil den aimíonaigéad riachtanach L-vailín í an tsubstaint le haghaidh gach speicis ainmhíoch, ach gur cheart an L-vailín a chosaint ar dhíghrádú sa chogansach ionas go mbeidh sé chomh héifeachtúil céanna i gcás na n-athchogantach agus atá sé i gcás na neamh-athchogantach. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhóirigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann L-vailín arna tháirgeadh ó *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366, i bhfoirm táirge coipthe dhíghníomhaithe, na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin mar bhreiseán beathaithe a údarú. Nuair a thugtar é d'athchogantaigh, ní mór L-vailín arna tháirgeadh ó *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80366, i bhfoirm táirge coipthe dhíghníomhaithe, a chosaint ar dhíghrádú sa chogansach. Is iomchuí an t-úsáideoir a chur ar an eolas chun go gcuirfidh sé an soláthar cothaithe san áireamh leis na haimíonaigéid uile atá riachtanach agus atá riachtanach go coinníollach. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 23(12), e9782. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9782>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'aimíonaigéid, a salainn agus analóga', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
3c375	L-vailín	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Táirge coipthe arb é atá ann cealla díghníomhaithe <i>Corynebacterium glutamicum</i> KCCM 80366 ina bhfuil íoschion L-vailín 72 % (ar bhonn ábhar tirim). Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> L-vailín arna tháirgeadh ó <i>Corynebacterium glutamicum</i> KCCM 80366 Ainm IUPAC: aigéad (2S)-2-aimínea-3-meitiolbútánóch Foirmle cheimiceach: C₅H₁₁NO₂ Uimhir CAS: 72-18-4 <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le vailín sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Áiritheoidh oibreoirí gnólachtaí beatha go mbeidh L-vailín cosanta ar dhíghrádú cogansaí nuair a thabharfar d'athchogantaigh é. 3. Sonrófar an cion taise ar lipéad an bhreiseáin. 4. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar an méid seo a leanas: ‘Cuirfidh an forlíonadh le L-vailín na haimíonaigéid uile atá riachtanach agus atá riachtanach go coinníollach san áireamh chun míchothromaíochtaí cothaithe a sheachaint.’	10 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		Maidir le vailín i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: — Crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil – Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ⁽²⁾					5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáil.	

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1; ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>).